

ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

AN BEARTAS UM FHOLLÁINE SAN IONAD OIBRE

1 Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo breac-chuntas a thabhairt ar thiomantas BOOÁC DL don fholláine san ionad oibre.

An sainmhíniú atá ag BOOÁC DL ar fholláine san ionad oibre ná aon ghníomhaíocht lena gcuirtear an tsláinte chun cinn san ionad oibre, nó aon bheartas eagraíochtúil atá deartha chun tacú le cultúr d'iompar agus de dhearchthaí sláintiúla san ionad oibre agus chun torthaí sláinte d'fhostaithe a fheabhsú. Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le gach fostaí de chuid an BOO, bíodh siad lánaimseartha, páirtaimseartha nó sealadach.

Aithníonn BOOÁC DL an tábhacht a bhaineann le folláine fostaithe agus go bhfuil timpeallacht oibre a chothaíonn agus a thacaíonn le folláine fostaithe an-tairbheach do gach duine lena mbaineann. Tá BOOÁC DL tiomanta do chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh sa réimse seo agus d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a chur chuige ag teacht le forbairtí inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar leas fostaithe.

2 Prionsabail

Leagtar amach thíos na prionsabail atá mar bhonn taca ag cur chuige BOOÁC DL i leith leas fostaithe.

2.1 Rannpháirtíocht Fostaithe

Tá DDLETB tiomanta do rannpháirtíocht fostaithe Is féidir sin a bhaint amach trí aiseolas ó fhostaithe a lorg agus trí pháirt a thabhairt d'fhostaithe i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm tionscnamh leasa fostaithe ar leith. Féadfaidh aon fhostaí aonair is mian leis dul chuig a mbainisteoir chun a bhfolláine féin san ionad oibre a phlé go rúnda.

2.2. Athbhreithniú Rialta

Déanfaidh BOOÁC DL athbhreithniú rialta ar na sonraí atá ar fáil chun aon réimsí inar ghá athdhíriú ar fholláine fostaithe a shainaithint. D'fhéadfadh athbhreithniú ar shonraí neamhláithreachta/ tinrimh ar fud na cuideachta, nó aiseolas ó fhostaithe ar

shaincheisteanna sonracha a fháil go gníomhach, a bheith i gceist leis sin. I gcás go bhfuil athruithe á gcur ar an ngnó, nó ardú tagtha ar éilimh, beidh folláine na bhfostaithe a mbeidh tionchar aige sin orthu le breithniú go géar.

2.3 Tacaíocht do bhainisteoirí agus d'fhostaithe

Cinnteoigh BOOÁCDL go nglacfar na céimeanna iomchuí lena chinntiú go mbeidh bainisteoirí in ann déileáil le ceisteanna faoi fholláine fostaithe. Tá mionsonraí faoin Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil ón Rannóg Acmhainní Daonna.

2.4 Cumarsáid

Tá BOOÁCDL tiomanta a bheartas maidir le folláine a chur in iúl d'fhostaithe agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil. Spreagtar fostaithe chun moltaí agus aiseolas a chur faoi bhráid na bainistíochta.

2.5 Monatóireacht agus bainistíocht

Cinnteoigh BOOÁCDL go ndéanfar freagracht as monatóireacht agus bainistíocht ar fholláine fostaithe a mheas nuair a bheidh beartais ghaolmhara, amhail Sláinte agus Sábháilteachta agus oibriú solúbtha, á nuashonrú.

3 Acmhainní

3.1 Roghanna/beartas oibre solúbtha

Is féidir le fostaithe rochtain a fháil ar shocruithe oibre solúbtha i gcomhréir leis an mbeartas seo.

3.2 An beartas um neamhláithreacht a bhainistiú

Tá an BOO tiomanta do mhonatóireacht agus do bhainistiú a dhéanamh ar chásanna neamhláithreachta lena chinntiú go bhféadfaidh daoine filleadh ar an obair go tráthúil agus le tacaíocht. Aimseoidh an BOO acmhainní mar atreoruithe sláinte ceirde agus comhairle ghairmiúil eile nuair is gá chun tacú le neamhláithreacht a bhainistiú.

3.3 An beartas comhionannais agus éagsúlachta

Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar thiomantas an BOO d'ionad oibre atá saor ó aon chiapadh agus ó bhulaíocht san ionad oibre. Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar thiomantas an BOO maidir le glacadh le héagsúlacht san ionad oibre, agus ar na hacmhainní atá ar fáil d'fhostaithe chun dul i ngleic le haon imní maidir le sárúithe féideartha ar an mbeartas seo. Cinnteoigh an BOO freisin go gcomhlíonann sé a dhualgais maidir le socrú réasúnach a sholáthar d'aon fhostaithe atá faoi chumas san ionad oibre.

3.4 Aiseolas d'fhostaithe

Aithníonn BOOÁCDL an luach atá le haiseolas tráthúil agus oibiachtúil d'fhostaithe maidir lena bhfeidhmíocht. Cinnteoidh an BOO go mbeidh bainisteoirí agus fostaithe in ann comhráite rialta a bheith acu ar fheidhmíocht.

3.5 An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá sláinte agus sábháilteacht fostaithe san ionad oibre thar a bheith tábhachtach don BOO. Leagtar amach sa bheartas Sláinte agus Sábháilteachta, mar aon leis an ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta, gealltanais na cuideachta agus freagrachtaí na bhfostaithe i ndáil leis sin.

3.6 Am Oibre

Tá an beartas maidir le tréimhsí scíthe agus sosa le fáil sna hAchtanna um Eagrú Ama Oibre 1997-2015 agus ba cheart do bhainisteoirí a chinntiú go rialta go gcomhlíonann uaireanta oibre agus sosanna fostaithe an reachtaíocht agus go bhfuil siad ag teacht le timpeallacht oibre a chothaíonn folláine fostaithe.

3.7 Beartais maidir le Saoire le linn an Téarma/ Postroinnt/ Sosanna Gairme

Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar chur chuige an BOO maidir le hiarrataí ar shaoire ón obair ar chúiseanna pearsanta a bhainistiú.

3.8 Cumarsáid

Cuirfidh BOOÁCDL rochtain ar acmhainní agus ar fhaisnéis faoi fholáine san ionad oibre ar fáil ar bhonn leanúnach. D'fhéadfadh aclaíocht fhisiciúil, aiste bia agus meabhairshláinte a bheith i measc na n-ábhar sin.

3.9 Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Chun tacaíocht níos speisialaithe a sholáthar d'fhostaithe nuair is gá, is féidir mionsonraí rochtana a fháil [anseo](#).

Tá na beartais sin agus Beartais uile BOOÁCDL le fáil ar Láithreán Gréasáin [BOOÁCDL](#).

4 Imeachtaí/cur chun cinn folláine san ionad oibre

Tá BOOÁCDL tiomanta do roinnt príomhimeachtaí folláine san ionad oibre a óstáil gach bliain. Áirítear lenár bpríomhimeachtaí/cur chun cinn, ach níl siad teoranta do:

- Lá na Folláine san Ionad Oibre
- Feachtas Feasachta Meabhairshláinte i mí na Bealtaine
- Cuireadh chuig príomhchainteoirí chun folláine a phlé
- Promóisin maidir le bia sláintiúil
- Ranganna Aclaíochta/Gníomhaíochta
- Oiliúint in aireachas

- Seachtainí faoi théamaí e.g. Seachtain an Chroí Fholláin, Seachtain um Fheasacht ar Ailse.

Tá Seisiúin 'Glac Cúig' ó Sheirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL ar fáil ar an aip Stream laistigh de do Chuntas Microsoft BOOÁCDL.

5 Athbhreithniú ar an mbeartas seo

Déanfaidh BOTBACDL an beartas seo a nuashonrú ó am go ham chun aon athruithe agus forbairtí ina chur chuige i leith folláine san ionad oibre a chur in iúl.